Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2020
(OR. en)

11039/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0228 (NLE)**

**ACP 96**
**FIN 647**
**PTOM 16**
**COAFR 259**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le leithdháileadh cistí arna saoradh ó thionscadail faoin 10ú Ciste Eorpach Forbraíochta chun athshlánú a dhéanamh ar an tSaoráid um Shíocháin san Afraic |

**CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le leithdháileadh cistí arna saoradh ó thionscadail faoin 10ú Ciste Eorpach Forbraíochta chun athshlánú a dhéanamh ar an tSaoráid um Shíocháin san Afraic**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le leithdháileadh cúnaimh airgeadais le haghaidh na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo[1], agus go háirithe Airteagal 1(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 210, 6.8.2013, lch.1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An iarracht leanúnach sa síocháin agus sa slándáil atá á déanamh ag an Aontas ar ilchríoch na hAfraice faoin tSaoráid um Shíocháin san Afraic (APF), ba cheart leanúint di go deireadh Meitheamh 2021 nó go dtí dáta éaga chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile[1] faoi mar a leasaíodh é an uair dheireanach ("Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE"), cibé dáta acu is luaithe.

(2) Is é suas go EUR 113 000 000 an meastachán arna dhéanamh ar riachtanais airgeadais APF le haghaidh na tréimhse ó Eanáir 2021 go Meitheamh 2021.

(3) Is iomchuí cistí arna saoradh ó thionscadail faoin 10ú Ciste Eorpach Forbraíochta (an "10ú CEF") a úsáid chun a áirithiú go maoineofar APF go deireadh Meitheamh 2021 nó go dtí dáta éaga Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, cibé dáta acu is luaithe. Ba cheart na cistí breise sin tacaíocht d'Oibríochtaí Tacaíochta Síochána atá faoi stiúir Afracach a mhaoiniú.

---

[1] IO L 317, 15.12.2000, lch. 3.

(4) Ba cheart na cistí a úsáid i gcomhréir leis an gclár gníomhaíochta ilbhliantúil ábhartha de chuid APF agus i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta (an 11ú CEF), mar a leagtar amach i Rialacháin (AE) Uimh. 2015/322[1] agus (AE) 2018/1877 ón gComhairle[2].

(5) Cistí ón 10ú CEF a athúsáideadh, nár gealladh roimhe sin i gcomhréir le hAirteagal 1(3) den 11ú Comhaontú Inmheánach CEF, nó a saoradh i gcomhréir le hAirteagal 1(4) den Chomhaontú sin, leanfaidh siad de bheith ina n-acmhainn de chuid an 10ú CEF faoi phointe (a) d'Airteagal 1(2) den 10ú Comhaontú Inmheánach CEF[3],

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 Rialachán (AE) 2015/322 ón gComhairle an 2 Márta 2015 maidir le cur i bhfeidhm an 11ú Ciste Eorpaigh Forbraíochta (IO L 58, 3.3.2015, lgh. 1-16).

2 Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 205/323 (IO L 307, 3.12.2018, lch. 1).

3 Comhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón gComhphobal faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2008 go 2013, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-CE, agus maidir le leithdháileadh cúnaimh airgeadais le haghaidh na dTíortha agus Críocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair de Chonradh CE maidir leo (IO L 247, 9.9.2006, lch. 30).

*Airteagal 1*

Déanfar méid suas go huasmhéid EUR 113 000 000 ó na cistí arna saoradh ó thionscadail faoin 10ú CEF a leithdháileadh chun athshlánú a dhéanamh ar APF don tréimhse 1 Eanáir go 30 Meitheamh 2021 nó go dtí dáta éaga Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, cibé dáta acu is luaithe.

Úsáidfear na cistí sin i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis an 11ú CEF.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*